



## **Tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú an Chláir Trédhearcachta 2023**

**Arna tíolacadh ag Bord Bainistíochta an Chláir Trédhearcachta**

**do**

**Pharlaimint na hEorpa, do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don  
Choimisiún Eorpach**

Tá tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú an Chláir Trédhearcachta le cur faoi bhráid na n-institiúidí is sínitheoirí, i gcomhréir le hAirteagal 13(3) den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach.

Sa tuarascáil seo, leagtar amach faisnéis fhíorasach ar an gClár Trédhearcachta, ar a bhfuil ann agus ar aon athruithe ina leith in 2023. Tugtar tuairisc inti freisin ar na bearta coinníollachta agus ar na bearta trédhearcachta comhlántacha, atá i bhfeidhm sna hinstiúidí is sínitheoirí san aon bhliain.

## Clár

I.	Achoimre feidhmiúcháin.....	3
II.	Réamhrá .....	3
III.	Rialachas.....	4
IV.	Bearta coinníollachta agus bearta trédhearcachta comhlántacha .....	4
V.	Gníomhaíochtaí na Rúnaíochta.....	9
1.	Faireachán ar cháilíocht sonraí .....	9
2.	Seirbhís Deisce Cabhrach .....	11
3.	Imscrúduithe .....	11
4.	Cruinniú an Bhoird Bainistíochta, 2023.....	12
5.	Treoir agus múscailt feasachta .....	13
6.	Forbairtí teicniúla .....	13
7.	Iniúchadh CIE ar an gClár Trédhearcachta .....	14
8.	Cinneadh an Ombudóra Eorpaigh i gcás 532/2023/FA .....	14
VI.	Staidreamh .....	14
1.	Forbairt an Chláir Trédhearcachta.....	14
2.	Na leasanna a bhfuil ionadaíocht á ndéanamh orthu.....	16
3.	Sonraí geografacha .....	17
4.	An méid uaireanta a rinneadh sonraí an Chláir Trédhearcachta a cheadú.....	17
VII.	Conclúidí.....	18

## I. Achoimre feidhmiúcháin

Sa bhliain 2023, rinneadh dianghrinnscrúdú agus dianghníomhaíocht i leith an Chláir Trédhearcachta. Mó sa mhó, baineadh úsáid as an gclár mar uirlis faisnéise agus tagartha i gcomhair gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa ar leibhéal an Aontais, mar is léir ón méadú ar iarratais ar chlárú agus ar an líon iarrataí díreacha ó iarratasóirí agus ó chláraithe ar chúnamh deisce cabhrach, agus freisin ar iarrataí ar fhaisnéis ón ngnáthphobal. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún bearta maidir lena rannpháirtíocht dheonach i gcreat an Chláir Trédhearcachta. Rud atá tábhachtach, rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh casta ar an gclár agus rinne an tOmbudsman Eorpach imscrúdú air.

Is amhlaidh a rinne Rúnaíocht an chláir breis faireacháin spriocdhírthe ar chláraithe i dtreo is go ndearna sí faireachán spriocdhírthe ar aon trian de líon foriomlán na gcláraithe in 2023. Sa bhreis air sin, léiríodh spéis nach beag in úsáid a bhaint as an uirlis ghearán in 2023; dá chomhartha sin, an grinnscrúdú seasta a dhéantar ar a bhfuil sa bhunachar sonraí. Sheol an Rúnaíocht roinnt imscrúduithe féintionscnaimh nua agus lean sí dá cuid oibre ar na cinn a bhí ar feitheamh ón mbliain roimhe sin.

Leagtar amach na gníomhaíochtaí sin ar bhealach níos mionsonraithe sa tuarascáil.

## II. Réamhrá

Is é atá sa Chlár Trédhearcachta ná an uirlis tagartha don ionadaíocht leasa ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Is bunachar sonraí é a cuireadh ar bun chun faisnéis atá cothrom le dáta a sholáthar don phobal faoi ghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a bhfuil sé d'aidhm acu tionchar a imirt ar phróisis reachtóireachta agus cur chun feidhme beartais institiúidí an Aontais. Cabhraíonn sé le súil a choinneáil ar cé na leasanna a chuirtear faoi bhráid na n-institiúidí, ar cé a dhéanann ionadaíocht orthu agus ar cé dóibh a ndéantar amhlaidh thar a gceann, ar cé na comhaid reachtacha a spriocdhírítear orthu agus ar cé na hacmhainní a dhírítear ar na gníomhaíochtaí gaolmhara. Is é príomhuirlis an Aontais é chun ionadaíocht leasa thrédhearcach agus eiticíúil a chur chun cinn agus chun oscailteacht agus infheictheacht rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí agus na sochaí sibhialta i bpróiseas cinnteoireachta daonlathach an Aontais a mhéadú.

Déanann Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an Clár Trédhearcachta a oibriú go comhphárteach, ar bhonn an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh (IIA) a glacadh in 2021<sup>1</sup>.

I gcomhréir le hAirteagal 13 den Chomhaontú Idirinstitiúideach, tá sa tuarascáil seo faisnéis fhíorasach ar an gClár Trédhearcachta, ar a bhfuil ann agus ar aon athruithe a rinneadh air le linn na tréimhse tuairiscithe. Tugtar forléargas inti freisin ar na bearta coinníollachta agus na bearta trédhearcachta comhlántacha atá i bhfeidhm faoi láthair sna hinstitiúidí is sínitheoirí.

---

<sup>1</sup> Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach, IO L 207, 11.6.2021, lch. 1.

### III. Rialachas

Struchtúr rialachais dé-leibhéil is ea struchtúr an Chláir Trédhearcachta: Bord Bainistíochta a dhéanann formhaoirseacht ghinearálta ar an gclár agus a sholáthraíonn treoir ghinearálta ina leith agus Rúnaíocht atá i gceannas ar bhainistiú laethúil an chláir.

Déanann an Bord Bainistíochta cur chun feidhme foriomlán an Chomhaontaithe Idirinstiúidigh a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, tá sé freagrach as na riachtanais bhliantúla agus na tosaíochtaí bliantúla don Chlár Trédhearcachta a shainaithint, as an tuarascáil bhliantúil ar fheidmiú an Chláir Trédhearcachta a ghlacadh agus as teoracha ginearálta a eisiúint don Rúnaíocht. Tá de chúram air freisin scrúdú a dhéanamh ar aon iarrataí ar athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta arna gcur i bhfeidhm ag an Rúnaíocht, agus cinneadh a dhéanamh orthu, tar éis imscrúdaithe.

Tá an Bord Bainistíochta comhdhéanta d’Ard-Rúnaí Parlaimint na hEorpa, Ard-Rúnaí na Comhairle agus Ard-Rúnaí an Choimisiúin. Tagann siad le chéile uair sa bhliain ar a laghad agus déanann gach Ard-Rúnaí acu cathaoirleacht air ar feadh téarma bliantúil. Bhí Ardrúnaí na Comhairle ina chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta in 2023.

Tugann an Rúnaíocht treoir d’ionadaithe leasa faoin bpróiseas clárúcháin, déanann sí faireachán agus fíorú ar incháilitheacht iarratas, agus déanann sí seiceálacha ar cháilíocht na faisnéise arna soláthar ag cláraithe. Láimhseálann sí gearáin maidir le sáruithe a líomhnaítear a bheith déanta ag cláraithe ar an gcód iompair agus is féidir léi bearta a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfaigheann sí nach ndearnadh an cód a chomhlíonadh go hiomchuí. Ullmhaíonn an Rúnaíocht an tuarascáil bhliantúil freisin agus músclaíonn sí feacht ar an gClár Trédhearcachta (féach Roinn V).

Tá an Rúnaíocht comhdhéanta de bhaill foirne ó na trí instiúid is sínitheoir, agus in 2023 bhí 11 fhostaí lán-aimseartha ag obair sa Rúnaíocht. Déanann Comhordaitheoir, a dhéanann formhaoirseacht ar na hoibríochtaí laethúla, ionadaíocht uirthi ar an mBord Bainistíochta agus go poiblí. In 2023, is é a bhí i gComhordaitheoir ainmnithe na Rúnaíochta ná ceann an aonaid atá freagrach as trédhearcacht in Ard-Rúnaíocht an Choimisiúin.

Tá faisnéis mhionsonraithe ar rialachas an Chláir Trédhearcachta le fáil ar a [shuíomh gréasáin](#).

### IV. Bearta coinníollachta agus bearta trédhearcachta comhlántacha

Glacann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, trí bhíthin cinntí aonair, bearta coinníollachta trína mbíonn clárú sa Chlár Trédhearcachta ina réamhchoinníoll chun ionadaithe leasa a bheith in ann príomhghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa áirithe a dhéanamh. Féadfaidh na trí instiúid bearta trédhearcachta comhlántacha a ghlacadh freisin chun clárú a spreagadh tuilleadh agus chun an creat comhpháirteach arna bhunú leis an gComhaontú Idirinstiúidigh a neartú.

Déantar na bearta coinníollachta agus na bearta trédhearcachta comhlántacha atá i bhfeidhm faoi láthair i ngach ceann de na trí instiúid a leagan amach thíos.

Féadfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, mar aon leis na Ballstáit i ndáil lena mbuanionadaíochtaí chuig an Aontas, fógra a thabhairt don Bhord Bainistíochta faoi bhearta coinníollachta nó bearta trédhearcachta comhlántacha arna nglacadh acu agus a iarraidh go bhfoilseofaí iad sin ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta. In 2023, rinne Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún fógraí den sórt sin a thabhairt. Bhí plé ann freisin, ar leibhéal na seirbhíse, le roinnt comhlachtaí eile de chuid an Aontais mar fhreagairt ar a gcuid fiosrúchán.

Tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit uile beart coinníollachta a chur i bhfeidhm le linn a nUachtaránachta ar an gComhairle agus sna sé mhí roimh a nUachtaránacht ar an gComhairle, trína chur de choinníoll ar chruinnithe idir Buanionadaí agus Leas-Bhuanionadaí gach ceann acu chuig an Aontas agus ionadaithe leasa go gcláróidh an dara ceann acu sa Chlár Trédhearcachta.

Tá feidhm ag an mbeart coinníollachta sin maidir le cruinnithe a eagraítear leis an mBuanionadaí agus an Leas-Bhuanionadaí agus iad ag gníomhú ina gcáil mar Uachtaránacht ghníomhach nó Uachtaránacht inteachta ar an gComhairle<sup>2</sup>. Dá bhrí sin, ní féidir le hionadaithe leasa páirt a ghlacadh i gcruinnithe den sórt sin mura mbíonn siad cláraithe. In 2023, bhí feidhm aige sin maidir leis an tSualainn<sup>3</sup> agus maidir leis an Spáinn<sup>4</sup> toisc go raibh siad i mbun Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus maidir leis an mBeilg<sup>5</sup> mar an Uachtaránacht inteachta.

Tá liosta de na [bearta coinníollachta agus na bearta trédhearcachta eile](#) atá i bhfeidhm faoi láthair in institiúidí an Aontais ar fáil freisin ar leathanach tiomnaithe shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

### *Parlaimint na hEorpa*

In 2023, rinne Parlaimint na hEorpa breis bearta coinníollachta agus bearta trédhearcachta comhlántacha a chur i bhfeidhm, bearta a glacadh i gcomhthéacs phacáiste athchóirithe inmheánaigh na Parlaiminte d'fhonn ionracas, neamhspleáchas agus cuntasacht a neartú. Fágann na rialacha úd go ndéantar athruithe áirithe ar chaidreamh na Parlaiminte le hionadaithe leasa cláraithe agus go ndéantar an creata atá ann cheana a fhorbairt tuilleadh.

Tá a beartas trédhearcachta neartaithe ag an bParlaimint trí bhearta a chur i bhfeidhm lena gceanglaítear go mbeadh ionadaithe leasa cláraithe más áil leo gníomhaíochtaí a dhéanamh ar áitreabh na Parlaiminte. Tar éis cinneadh ón mBiúró an 12 Meitheamh 2023, tá de choinníoll le rannpháirtíocht ghníomhach ar áitreabh na Parlaiminte, nó le comheagrú imeachtaí a reáchtáiltear ar áitreabh na Parlaiminte, go gclárófaí roimh ré ar an gClár Trédhearcachta<sup>6</sup>. Is éard atá i gceist leis sin nach mór aon ionadaí leasa atá ag gníomhú mar chainteoir, mar mhodhnóir nó ag a bhfuil aon ról gníomhach eile nó atá rannpháirteach in imeacht ar bhealach lóistíochtúil, ar bhealach praiticiúil, nó ó thaobh airgeadais de, a bheith cláraithe. Tá feidhm

---

<sup>2</sup> [https://transparency-register.europa.eu/document/download/0c791fb8-e64d-47cc-a3b0-175913788b7c\\_en?filename=Transparency%20register%20-%20Member%20states%27%20political%20declaration.EN\\_.pdf](https://transparency-register.europa.eu/document/download/0c791fb8-e64d-47cc-a3b0-175913788b7c_en?filename=Transparency%20register%20-%20Member%20states%27%20political%20declaration.EN_.pdf).

<sup>3</sup> [Öppenhetsregistret - Regeringen.se](https://oppenhetsregistret-regeringen.se).

<sup>4</sup> <https://es-ue.org/erp/>.

<sup>5</sup> <https://europeanunion.diplomatie.belgium.be/en/transparency>.

<sup>6</sup> Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 12 Meitheamh 2023

ag na rialacha sin sa bhreis ar an mbeart coinníollachta atá bunaithe cheana lena gceanglaítear<sup>7</sup> go ndéanfaí cainteoirí ag éisteachtaí na gcoistí sa Pharlaimint a chlárú roimh an éisteacht.

Rinne an Pharlaimint leathnú freisin ar a ceanglais coinníollachta agus trédhearcachta i dtaca le gníomhaíochtaí idirghrúpaí na bhFeisirí nó gníomhaíochtaí grúpálacha neamhoifigiúla eile<sup>8</sup>. Ní fhéadfaidh ach ionadaithe leasa cláraithe a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na n-idirghrúpaí agus na ngrúpálacha sin ar áitreabh na Parlaiminte, trí thacaíocht a thabhairt dóibh, nó trí pháirt a ghlacadh ina n-imeachtaí nó trína gcomhreáchtáil. Tá sé beartaithe treisiú leis an trédhearcacht, go háirithe maidir le dearbhuithe ar aon tacaíocht arna fáil. Is amhlaidh atá na rialacha is infheidhme níos doichte ó thaobh forfheidhmithe de.

Thug an Pharlaimint beart coinníollachta nua isteach freisin lena gceanglaítear ar Fheisirí staonadh, go ceann 6 mhí tar éis dheireadh a sainordaithe, ó ghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéanamh i dteannta Feisirí reatha<sup>9</sup>. Déanann an cód iompair d'Fheisirí Parlaimint na hEorpa maidir le macántacht agus trédhearcacht scáthántacht ar an riail úd<sup>10</sup>.

Maidir le rochtain ar chinnteoirí chun críoch brústocaireachta, ní fhéadfaidh ach ionadaithe leasa cláraithe iarratas a dhéanamh ar rochtain fhadtéarmach ar áitreabh na Parlaiminte<sup>11</sup>. An 31 Nollaig 2023, as na 12 425 eintiteas a bhí cláraithe sa Chlár Trédhearcachta, bhí ionadaí creidiúnaithe amháin ar a laghad, ag a raibh cead dul isteach ar áitreabh na Parlaiminte, ag 2 030 acu. An 31 Nollaig 2023, bhí 7 904 shuaitheantas ghníomhacha ann.

Ceanglaítear ar na Feisirí uile faisnéis ar a gcrúinnithe sceidealaithe le hionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an chomhaontaithe idirinstiúidigh a fhoilsiú ar líne<sup>12</sup>. Eadhon aon chruinniú a bhaineann leis an ngnó parlaiminteach (tuarascáil, tuairim, rún, díospóireacht iomlánach nó díospóireacht phráinneach) a reáchtáiltear chun tionchar a imirt ar phróiseas ceaptha beartais nó próiseas cinnteoireachta na n-institiúidí Eorpacha, bíodh sé sin i bpearsa nó go cianda. Bíonn feidhm ag an oibleagáid gan beann ar cibé acu a fhreastalaíonn na Feisirí féin ar an gcrúinniú nó a fhreastalaíonn cúntóirí parlaiminteacha na bhFeisirí air thar a gceann. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 20 301 cruinniú fógartha ag na Feisirí don bhliain féilire 2023. Agus an ról sonrach agus an sainordú sonrach atá acu á gcur i gcuntas, moltar<sup>13</sup> go mbuailfeadh Feisirí Parlaimint na hEorpa leis na hionadaithe leasa sin atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta, agus leo sin amháin.

Sa bhreis air sin, ceanglaítear ar Rapóirtéirí dearbhú ar ionchur, mar a thugtar air, a chur ag gabháil lena ndrúacht-tuarascálacha nó a ndrúacht-tuairimí, ina liostaítear na heintitis nó na daoine óna bhfuair siad ionchur i dtaobh ábhair a bhaineann le hábhar an chomhaid<sup>14</sup>.

### *Comhairle an Aontais Eorpaigh*

Mar a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2021/929 ón gComhairle<sup>15</sup>, ní mór ionadaithe leasa a bheith cláraithe sa Chlár Trédhearcachta chun go bhféadfaidís bualadh le hArd-Rúnaí na

<sup>7</sup> Airteagal 7 de Chinneadh ó Bhiúró Parlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2003.

<sup>8</sup> Rialacha Nós Imeachta PE: Riail 35(5) agus 35a(5).

<sup>9</sup> Cinneadh ó Bhiúró Parlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2023

<sup>10</sup> Airteagal 9 den Chód Iompair d'Fheisirí Parlaimint na hEorpa.

<sup>11</sup> Riail 123 de Rialacha Nós Imeachta Parlaimint na hEorpa.

<sup>12</sup> Airteagal 7 den Chód Iompair d'Fheisirí Parlaimint na hEorpa

<sup>13</sup> Rialacha Nós Imeachta Parlaimint na hEorpa (Riail 11(2)).

<sup>14</sup> Airteagal 8 den Chód Iompair d'Fheisirí Parlaimint na hEorpa

<sup>15</sup> IO L 207, 11.6.2021, lch. 19.

Comhairle nó leis na hArd-Stiúrthóirí. Tá feidhm ag an riail chéanna maidir le rannpháirtíocht na n-ionadaithe leasa, ina gcáil ghairmiúil, i seisiúin faisnéise théamacha arna n-eagrú ag Ardrúnaíocht na Comhairle (i gcás inarb iomchuí agus tar éis dul i gcomhairle leis an Uachtaránacht) nó mar chainteoirí ag ócáidí arna n-eagrú ag Ardrúnaíocht na Comhairle. Iarrtar ar na baill foirne dintiúir na n-ionadaithe leasa a sheiceáil freisin chun a áirithiú go bhfuil siad cláraithe sa Chlár Trédhearcachta. Murab amhlaidh an cás, ba cheart do na baill foirne breithniú cúramach a dhéanamh ar a oiriúnaí atá na cruinnithe, agus dul i gcomhairle lena mbainisteoir líne<sup>16</sup>.

Mar bheart breise chun feabhas a chur ar an trédhearcacht agus chun clárú a spreagadh, ba cheart cuirí d'ionadaithe leasa chun freastal ar chruinniú den Chomhairle nó ar chruinniú dá comhlachtaí ullmhúcháin a bheith coinníollach ar iad a bheith cláraithe sa Chlár Trédhearcachta. Ba cheart a n-uimhir chlárúcháin a thaifeadadh ar an gclár oibre sealadach. Sa tuarascáil bhliantúil ón gComhairle ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, áirítear faisnéis ábhartha faoi fhreastal ionadaithe leasa ar chruinnithe den Chomhairle nó ar chruinnithe dá comhlachtaí ullmhúcháin<sup>17</sup>.

### *An Coimisiún Eorpach*

Tá rialacha dochta i bhfeidhm ag an gCoimisiún maidir lena theagmhálacha agus a idirghníomhaíochtaí le hionadaithe leasa. Thar aon ní eile, ceanglaíonn sé ar Chomhaltaí uile an Choimisiúin, ar chomhaltaí Oifig Phríobháideach an Choimisiúin agus ar Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin gan bualadh ach le hionadaithe leasa atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta. Faoin oibleagáid sin, a chumhdaítear sa Chód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh<sup>18</sup> agus i Modhanna Oibre an Choimisiúin<sup>19</sup>, caithfidh ionadaí sainleasa a bheith cláraithe sula dtionóltar na cruinnithe sin.

Foilsíonn an Coimisiún faisnéis ar líne ar na cruinnithe uile sin le hionadaithe leasa (cláraithe), i gcomhréir le Cinneadh 2014/838/EU, Euratom<sup>20</sup> agus Cinneadh 2014/839/EU, Euratom<sup>21</sup>. In 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún faisnéis ar chruinnithe<sup>22</sup> a tionóladh le 1 980 cláraí. Thionóil na cláraithe sin 2 891 chruinniú le Chomhaltaí an Choimisiúin agus/nó le comhaltaí Oifigí Príobháideacha an Choimisiúin agus thionóil siad 718 gcruinniú le hArd-Stiúrthóirí an

---

<sup>16</sup> Nóta foirne CP 35/21 agus Nóta Foirne CP 42/22.

<sup>17</sup> Treoirilínte maidir le freastal ócáideach trío páirtithe, lena n-áirítear ionadaithe leasa, ar chruinnithe den Chomhairle nó ar chruinnithe dá comhlachtaí ullmhúcháin, an 22 Iúil 2021.

<sup>18</sup> Airteagal 7 de Chinneadh ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2018 maidir le Cód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh (C(2018) 700), IO C 65, 21.2.2018, lch. 7.

<sup>19</sup> Pointe V de Mhodhanna Oibre an Choimisiúin Eorpaigh.

<sup>20</sup> Cinneadh 2014/838/AE, Euratom ón gCoimisiún an 25 Samhain 2014 maidir le faisnéis ar chruinnithe arna dtionól idir Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin agus eagraíochtaí nó daoine féinfhostaithe a fhoilsiú, IO L 343, 28.11.2014, lgh. 19-21.

<sup>21</sup> Cinneadh 2014/839/AE, Euratom ón gCoimisiún an 25 Samhain 2014 maidir le faisnéis ar chruinnithe arna dtionól idir Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin agus eagraíochtaí nó daoine féinfhostaithe a fhoilsiú, IO L 343, 28.11.2014, lgh. 22-24.

<sup>22</sup> Is éard atá san fhaisnéis a chuirtear ar fáil don phobal ná dáta an chruinnithe, ionadas an chruinnithe, ainm an Chomhalta den Choimisiún agus/nó ainm an Chomhalta den Oifig Phríobháideach nó ainm an Ard-Stiúrthóra, ainm an ionadaí leasa, i.e., an eagraíocht nó an duine féinfhostaithe agus ábhar an chruinnithe. Foilsítear í laistigh de choicís tar éis an chruinnithe.

Choimisiúin<sup>23</sup>. Sa bhreis ar í a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin<sup>24</sup>, cuirtear an fhaisnéis sin ar fáil freisin mar liosta cruinnithe ar na hiontrálacha de na cláraithe lena mbaineann sa Chlár Trédhearcachta. Déanann an Coimisiún tacair sonraí chomhdhlúite cruinnithe arna dtionól le hionadaithe leasa cláraithe a chur ar fáil go poiblí ar [Data.europa.eu](http://Data.europa.eu) i bhformáid atá inléite ag meaisín agus i bhformáid Excel. Fágann sé seo faisnéis inrochtana atá cuimsitheach agus atá furasta a phróiseáil a bheith á soláthar do pháirtithe leasmhara agus don phobal chun an fhaisnéis ábhartha a bhaint.

Sa treoir ar eitic agus iompar fhoireann an Choimisiúin, moltar do chomhaltáí uile an riaracháin atá faoi bhun leibhéal an Ard-Stiúrthóra dintiúir na n-ionadaithe leasa a mbíonn siad i dteagmháil leo a sheiceáil chun a áirithiú go bhfuil iontráil acu sa Chlár Trédhearcachta. Mura bhfuil iontráil acu ann, moltar don fhoireann a iarraidh orthu i gcónaí clárú sula ndéanann siad aon bhreis teagmhála leo.

Ní cheapann an Coimisiún ach ionadaithe leasa cláraithe chuig grúpaí saineolaithe an Choimisiúin i gcomhréir lena rialacha ábhartha<sup>25</sup>. Tá feidhm ag an gceanglas sin i dtaca le réamhchlárú maidir le comhaltaí de Chineál ‘B’<sup>26</sup> agus de chineál ‘C’<sup>27</sup> araon. Má chuirtear na comhaltaí sin ar fionraí nó má bhaintear den Chlár Trédhearcachta iad, cuireann an Coimisiún ar fionraí iad ón ngrúpa saineolaithe / ó na sainghrúpaí a bhfuil siad ina gcomhaltaí de, go dtí go mbíonn siad cláraithe athuair.

Mar bheart breise chun feabhas a chur ar an trédhearcacht agus chun clárú a spreagadh, soláthraíonn an Coimisiún foláirimh uathoibríocha do chláraithe a bhfuil sonraithe acu go bhfuil leas acu i réimsí beartais ar leith, agus tugann sé fógra dóibh faoi chomhairliúcháin phoiblí nó treo-chláir a bheith á seoladh sna réimsí ábhartha. Déantar rannchuidithe ó chláraithe a phróiseáil ar leithligh ó rannchuidithe ó fhreagróirí neamhchláraithe freisin<sup>28</sup>. Bíonn na rannchuidithe sin inrochtana ó iontrálacha na gcláraithe lena mbaineann sa Chlár Trédhearcachta.

#### *Bearta arna ndéanamh ag institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais*

In 2023, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún bearta trédhearcachta inmheánacha a bhain leis an gClár Trédhearcachta. Is iad na chéad chomhlachtaí de chuid an Aontais iad, amach ó na hinstiúidí is sínitheoirí leis an gComhaontú Idirinstiúideach, a rinne bearta den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chomhaontú Idirinstiúideach.

<sup>23</sup> Féadfaidh an t-aon chláraí páirt a ghlacadh i níos mó ná aon chruinniú amháin.

<sup>24</sup> Go háirithe, an leathanach gréasáin trédhearcachta tiomnaithe ar shuíomh gréasáin Chomhaltaí an Choimisiúin, agus an leathanach gréasáin trédhearcachta tiomnaithe ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin faoi seach.

<sup>25</sup> Airteagal 8 de Chinneadh ón gComhairle an 30 Bealtaine 2016 lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le cruthú agus feidhmiú ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin (C(2016) 3301).

<sup>26</sup> Daoine aonair a cheaptar chun ionadaíocht a dhéanamh ar leas coiteann atá ag geallsealbhóirí i réimse beartais ar leith.

<sup>27</sup> Eagraíochtaí sa chiall is leithne, lena n-áirítear cuideachtaí, comhlachais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumann, ollscoileanna, institiúidí taighde, gnólachtaí dlí agus comhairleachtaí.

<sup>28</sup> Treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Rialáil níos Fearr (SWD(2017)350), go háirithe [Caibidil VII de na Treoirlínte maidir le Comhairliúchán le Geallsealbhóirí](#).



An 21 Márta agus an 4 Iúil 2023 faoi seach, thug an dá choiste fógra don Bhord Bainistíochta faoina gcinntí, a bhí ina gcinntí a bhí ceangailteach ó thaobh dlí de, trínar chuir siad na bearta trédhearcachta comhlántacha seo a leanas i bhfeidhm de réir bhrí an Chomhaontaithe Idirinstiúidigh:

- moladh dá gcomhaltaí atá i seilbh oifige, mar a shainmhínítear ina gcinntí faoi seach, gan bualadh ach le hionadaithe leasa cláraithe;
- foilsíú éigeantach faisnéise ar chruinnithe arna reáchtáil idir comhaltaí cumhdaithe atá i seilbh oifige agus ionadaithe leasa ar a suíomh gréasáin faoi seach;
- rogha do Rapóirtéirí ar Choistí ‘lorg reachtach’ a chur i gceangal le hionchur ó ionadaithe leasa i leith a dtuairimí, i gcomhréir leis an gcleachtas atá i bhfeidhm i bParlaimint na hEorpa.

Mheas an Bord Bainistíochta go raibh na bearta sin comhsheasmhach leis na cuspóirí a shaothraítear leis an gComhaontú Idirinstiúideach. Uime sin, foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta tar éis iad a theacht i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2023 agus an 1 Eanáir 2024 faoi seach.

## V. Gníomhaíochtaí na Rúnaíochta

In 2023, ba iad seo a leanas na tosaíochtaí bliantúla a chinn an Bord Bainistíochta don Chlár Trédhearcachta:

- teicneolaíocht úrscothach a úsáid chun suíomh gréasáin an Chláir a uasghrádú;
- dul chun cinn nithiúil i leith cáilíocht sonraí a áirithiú;
- mar aon le comhar leanúnach le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) maidir lena hiniúchadh ar an gClár Trédhearcachta;
- comhar le hinstiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile;
- agus breis gníomhaíochtaí múscailte feasachta.

Chrom an Rúnaíocht ar na tosaíochtaí bliantúla sin a bhaint amach, lena n-áirítear trína seiceáil incháilitheachta a neartú, trí chúnamh na deisce cabhrach a mhéadú agus trí fheabhas a chur, ar roinnt slí, ar an ardán TF, le cois a gníomhaíochtaí laethúla, a shonraítear thíos.

### 1. Faireachán ar cháilíocht sonraí

Tríd an gClár Trédhearcachta, tugtar léargas ar na gníomhaíochtaí brústocaireachta reatha a rinne ionadaithe leasa maidir le timthriallta beartais agus próisis chinnteoireachta sin instiúidí an Aontais a ceapadh nó a cuireadh chun feidhme le deireanas, lena n-áirítear mionsonraí sonracha faoi na príomhthograí reachtacha nó na príomhbheartais reachtacha ar díriodh orthu. Sin é an fáth a mbíonn na sonraí de shíor ag athrú, nach gcláraíonn roinnt ionadaithe leasa ach ar feadh tréimhse theoranta, agus a bhféadfadh ionadaithe leasa eile a bheith sa bhunachar sonraí ar feadh tréimhse níos sia.

Trí chlárú, geallann ionadaithe leasa go soláthróidh siad faisnéis atá iomlán, cothrom-le dáta agus nach bhfuil míthreorach tráth an chlárú, agus is iad na hionadaithe leasa atá freagrach ar deireadh as cruinneas a sonraí cláraithe. Chuige sin, moltar do chlárú an fhaisnéis a sholáthraítear a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta a luaithe a thagann aon athruithe

móra chun cinn agus ní mór dóibh a gclárú a thabhairt cothrom le dáta uair sa bhliain ar a laghad chun leanúint de bheith sa Chlár.

Ceann de phríomhchúraimí na Rúnaíochta is ea a n-oibleagáidí a chur i gcuimhne do chláraithe agus a áirithiú go mbíonn cáilíocht na sonraí sa Chlár Trédharcachta ar an gcaighdeán is airde is féidir. I gcomhthéacs a gníomhaíochtaí faireacháin ginearálta in 2023, sheiceáil an Rúnaíocht líon iomlán 7 705 eintiteas<sup>29</sup> a chuir isteach ar chlárú nó a iontráladh cheana sa Chlár, arbh ionann é agus méadú 13% ar an líon seiceálacha a rinneadh an bhliain roimhe sin. Is éard a bhí sna seiceálacha sin scagadh a rinneadh ag céim an iarratais, seiceálacha spriocdhírthe ar cháilíocht eintiteas a bhí cláráithe cheana agus aon seiceálacha breise a rinneadh i gcomhthéacs nósanna imeachta imscrúdaithe.

Céim an Iarratais: Siúd is go bhfuil líon na gcláráithe iomlána cobhsaí i gcónaí<sup>30</sup>, tá ráta athraithe na gcláráithe nua sách ard; uime sin, tá méadú tagtha ar cháilíocht na faisnéise atá ar fáil sa Chlár go comhuaineach leis sin. Déanann an Rúnaíocht measúnú ar incháilitheacht na n-iarratas nua uile ar chlárú, agus ar cháilíocht sonraí na n-iarratas sin, sular féidir iad a ghníomhachtú agus a fhoilsiú ar an gClár. Cuidíonn sé sin le feabhas a chur ar ábharthacht agus comhsheasmhacht na sonraí a sholáthraítear. As 3 404 iarratas a fuarthas in 2023 (+/- 9 in aghaidh an lae agus méadú 14% ar an líon iarratas i gcomórtas leis an mbliain roimhe sin), glacadh le 2 255 (66 %) acu, agus gníomhachtaíodh iad, tar éis an phróisis seiceála, ar ina leith is gá, i bhformhór na gcásanna, an t-iarratasóir lena mbaineann nuashonrú nó ceartú a dhéanamh.

Seiceálacha spriocdhírthe: Sa bhreis ar a seiceáil laethúil ar iarratais nua, glacann an Rúnaíocht cur chuige níos spriocdhírthe freisin, go háirithe in imthosca ina bhfuil cúis aici lena chreidiúint nach ndéantar, trí na clárúcháin, an fhaisnéis is gá a sholáthar go cruinn. Rinne an Rúnaíocht 4 301 sheiceáil cáilíochta spriocdhírthe san iomlán in 2023. Díobh sin:

- rinne 3 572 chláraí a seiceáladh cáilíocht sonraí shásúil (83 %) a sholáthar, ón tús (rinneadh 2 550 clárúchán, nó 59.2% acu, a sheiceáil), nó tar éis don Rúnaíocht iad a spreagadh le nuashonrú a dhéanamh (1 022 chlárúchán nó 23.8 %);
- baineadh 453 den chlár tar éis na teagmhála leis an Rúnaíocht, mar gheall ar neamh-incháilitheacht nó mar gheall ar mhainneachtain nuashonrú a dhéanamh (10.6%);
- bhí 276 fós ar feitheamh ag deireadh 2022 (6.4 %).

In 2023, cuireadh feabhas suntasach ar cháilíocht fhoriomlán na sonraí sa chlár, agus is amhlaidh a tháinig méadú 40% ar sciar na gclárúchán sin a seiceáladh trínar soláthraíodh cáilíocht sonraí shásúil tráth na seiceála, agus a fuarthas, tar éis seiceáil a dhéanamh, gur tháinig laghdú 22 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin ar sciar na gclárúchán a baineadh den chlár mar gheall ar neamh-incháilitheacht nó mar gheall ar mhainneachtain nuashonrú a dhéanamh.

Agus seiceálacha spriocdhírthe á ndéanamh, is gá díriú go sonrath ar chlárúcháin ar ina leith a braitheadh neamhréireacht nó fadhb eile nó is dócha neamhréireacht nó fadhb eile a bheith ann. I gcomhthéacs a faireacháin spriocdhírthe ar an gclár, rinne an Rúnaíocht seiceálacha cáilíochta spriocdhírthe ar eintitis neamhthráchtála a dhearbhaigh go raibh buiséad 0 EUR acu. Rinne an Rúnaíocht na heintitis lena mbaineann a sheiceáil go críochnúil freisin chun aon

---

<sup>29</sup> Rinneadh níos mó ná seiceáil amháin ar roinnt eintiteas in 2023 agus, dá bhrí sin, b'airde an líon iomlán seiceálacha.

<sup>30</sup> 12 425 an 31 Nollaig 2022, agus 12 469 an 31 Nollaig 2023.

neamhréireachtaí eile a aimsiú agus réitigh sí na fadhbanna go paiteanta: bhí 17% acu ceart ón tús, rinne 54% acu nuashonrú nó thug siad míniú sásúil, agus baineadh 28% acu.

## 2. Seirbhís Deisce Cabhrach

Soláthraíonn an Rúnaíocht seirbhís deisce cabhrach chun gach cineál ceiste faoin gClár Trédhearcachta a fhreagairt trí shuíomh gréasáin ilteangach, atá oscailte d'iarratasóirí agus do chláraithe agus don phobal. Déanann an Rúnaíocht iarracht ar chúnamh a thabhairt chomh tapa agus is féidir, agus is iondúil go dtugann sí freagra taobh istigh de 48 n-uair an chloig.

In 2023, thug an Rúnaíocht freagra ar 2 567 bhfiosrúchán, a chuimsigh iarrataí ó gheallsealbhoirí, ó thaighdeoirí agus ó dhaoine aonair ar fhaisnéis faoin gClár Trédhearcachta, mar aon le hiarrataí ó iarratasóirí agus ó chláraithe, le linn an phróisis cláráithe nó nuair a bhí deacrachtaí teicniúla acu, ar thacaíocht theicniúil agus ar threoir. Bhí líon na gceistanna a fuarthas 25 % níos airde ná mar a bhí sé in 2022<sup>31</sup>.

## 3. Imscrúduithe

Sa bhreis ar fhaireachán a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí sa Chlár Trédhearcachta, láimhseálann an Rúnaíocht gearáin a dhéantar agus déanann sí imscrúduithe féintionscnaimh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach. Agus an méid sin á dhéanamh aici, gníomhaíonn an Rúnaíocht i gcomhréir le bunphrionsabail na comhréireachta agus an dea-riaracháin.

Tagraíonn ‘gearán’ do nós imeachta a bhaineann le líomhaintí a dtarraingítear aird na Rúnaíochta orthu maidir le mainneachtain cláraí an cód iompair a chomhlíonadh. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann líomhaintí den sórt sin i gcoinne cláraí, féadfaidh sé nó sí gearán a thaisceadh leis an Rúnaíocht tríd an bhfoirm ábhartha a líonadh ar [shuíomh gréasáin](#) agus trí fhianaise thacaíochta a sholáthar.

Tagraíonn ‘imscrúdú féintionscnaimh’ do nós imeachta trína ndéanann an Rúnaíocht scrúdú féachaint an bhfuil cláraí ar leith incháilithe chun fanacht ar an gclár, i bhfianaise na faisnéise arna fáil nó arna sainaithint, a d’fhéadfadh a léiriú nach bhfuil an cláraí sin incháilithe chun fanacht ar an gclár i ngeall ar easpa gníomhaíochtaí ábhartha nó an cód iompair gan a bheith á chomhlíonadh.

In 2023, chuir an Rúnaíocht clabhsúr ar 10 n-imscrúdú ar ghearáin a bhí ar feitheamh ón mbliain roimhe sin, ina ndearna na cláráithe faoi seach a gclárúchán a thabhairt cothrom le dáta nó mínithe sásúla a thabhairt ar shlí eile. Ina theannta sin, chuir sí clabhsúr ar imscrúdú amháin a raibh mar thoradh air gur baineadh an cláraí i dtrácht.

San aon bhliain sin, fuair an Rúnaíocht 35 ghearán nua. Díobh sin, fuarthas go raibh 22 acu neamh-inghlactha, toisc nár bhain siad le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Chláir Trédhearcachta (e.g. casaoidí pearsanta nó gearáin maidir le tomhaltóirí) nó toisc nár chomhlíon siad na critéir inghlacthachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach. De na 13 ghearán inghlactha, cuireadh clabhsúr ar 10 gcinn acu in 2023, agus is amhlaidh a bhí toradh dearfach orthu ó thaobh comhar iomlán leis na cláráithe i dtrácht. Bhí na 3 ghearán inghlactha eile fós faoi imscrúdú ag deireadh na bliana.

---

<sup>31</sup> In 2022, thug an Rúnaíocht freagra ar 2056 cheist agus iarraidh.

Bhain níos mó ná leath na ngearán inghlactha le líomhain nach ndearna na cláraithe i dtrácht pointe (f) a chomhlíonadh, ó thaobh chruinneas agus iomláine na faisnéise arna soláthar sa chlárlúchán, uaireanta i dteannta líomhaintí gurbh fhéidir nár comhlíonadh pointí eile den chód. I gcás inar bhain cásanna le pointe (f) den chód, agus leis sin amháin, is amhlaidh a réitíodh iad sin trí na cláraithe nuashonrú a dhéanamh laistigh den spriocdháta 20 lá oibre agus a cuireadh clabhsúr orthu laistigh de dhá mhí.

Bhain cásanna eile le mainneachtain líomhnaithe pointe (b) den chód, trínar gá do chláraithe na cliant nó na comhaltaí a ndéanann siad ionadaíocht orthu a shonrú, nó pointe (j) maidir leis an gcaidreamh idir an cliant agus an t-idirghabhálaí, a chomhlíonadh. Ó thaobh ionchais an phobail de, is léir go bhfuil inní ann faoi na bunleasanna arna gcur chun cinn ag aon eagraíocht ar leith, bunleasanna nach mór a dhearbhu go soiléir agus go comhsheasmhach sa chlárú: chuige sin, i gcomhthéacs an chaidrimh idir an cliant agus an t-idirghabhálaí, ní mór an dá pháirtí i gcaidreamh den sórt sin a iontráil sa chlár agus ní mór na dearbhuithe comhfhreagracha a bheith comhsheasmhach.

Agus imscrúdú á láimhseáil aici, féachann an Rúnaíocht i gcónaí le hidirphlé cuiditheach a áirithiú leis an gcláraí ábhartha nó leis na cláraithe ábhartha chun na fadhbanna arna sainaitheint a shoiléiriú agus a réiteach a mhéid is féidir, sula ndéanann sí aon bhearta is gá. In 2023, níor mheas an Rúnaíocht gur ghá bearta faoi pointe 8 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach a chur i bhfeidhm maidir le cláraí.

In 2023, chuir an Rúnaíocht tús le 2 chás fhéin-imscrúdaithe i leith eintitis chláraithe, a raibh ceann acu fós ar siúl ag deireadh na bliana. Chuir an Rúnaíocht clabhsúr ar 7 n-imscrúdú ón mbliain roimhe sin, lena n-áirítear na 4 imscrúdú a bhí fós á ndéanamh maidir le hionadaithe leasa cláraithe a bhfuil a gceanncheathrú i gCónaidhm na Rúise.

#### 4. Cruinniú an Bhoird Bainistíochta, 2023

D'ullmhaigh an Rúnaíocht an dara cruinniú den Bhoird Bainistíochta, a tionóladh an 31 Márta 2023. Ag an gcrúinniú sin, rinne an Bord Bainistíochta na cinntí seo a leanas:

- rinne sé ceann an aonaid atá freagrach as saincheistean trédhearcachta ag Rúnaíocht Ghinearálta na Comhairle a athcheapadh mar Chomhordaitheoir ar an Rúnaíocht go ceann téarma aon bhliain amháin (an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024);
- rinne sé tuarascáil bhliantúil 2022 a ghlacadh, chomhaontaigh sé í a chur faoi bhráid na n-institiúidí is sínitheoirí agus í a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta;
- chinn sé na tosaíochtaí bliantúla don Chlár Trédhearcachta in 2024, mar aon leis na meastacháin bhuiséid agus an sciar is gá chun na tosaíochtaí sin a bheith á gcur chun feidhme ag gach institiúid is sínitheoir<sup>32</sup>;
- thug sé dá aire go bhfuil breis dúshlán ann i leith an Chláir agus i leith obair na Rúnaíochta ó thaobh líon suntasach gearán de, ó thaobh imscrúduithe féintionscnaimh íogaire de, agus freisin mar gheall ar an éileamh, atá ag dul i méid i rith an ama, ar shonraí ardcháilíochta sa Chlár Trédhearcachta.

<sup>32</sup> I gcás na bliana 2024, tá na meastacháin bhuiséid le fáil ar an [suíomh gréasáin](#). Comhaontaíodh na scaireanna seo a leanas: An Coimisiún: 57%; An Pharlaimint 33%; An Chomhairle: 10%.

Déantar na doiciméid uile a bhaineann le cruinniú an Bhoird Bainistíochta, lena n-áirítear clár oibre agus miontuairiscí an chruinnithe, a fhoilsiú ar [fholeathanach rialachais](#) shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta.

## 5. Treoir agus múscailt feasachta

Eisíonn an Rúnaíocht treoir chun forálacha áirithe den Chomhaontú Idirinstitiúideach a shoiléiriú agus a mhíniú ar bhealach níos mionsonraithe. Eascraíonn an treoir sin as malartuithe rialta le geallsealbhóirí agus tá sé d'aidhm aici tacú le cláraithe agus iarrachtaí á ndéanamh acu ar fhaisnéis chruinn a sholáthar agus ar ghnáthbhotúin a sheachaint.

Agus a gníomhaíochtaí faireacháin á ndéanamh aici, féadfaidh an Rúnaíocht a iarraidh ar eintitis clárú sa Chlár Trédhearcachta, i gcás inarb ábhartha. Déanann an Rúnaíocht gníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feasachta rialta chun feasacht a mhúscailt, i measc geallsealbhóirí, ar an uirlis. In 2023, áiríodh air sin seisiúin faisnéise agus malartuithe a réachtáladh le páirtithe leasmhara éagsúla<sup>33</sup> agus le mic léinn ollscoile chomh maith le teagmhálacha agus malartú dea-chleachtas le comhlachtaí comhchosúla ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal Eorpach<sup>34</sup>.

Rinne na trí institiúid iarrachtaí breise ar fheasacht a mhúscailt ar an gClár Trédhearcachta laistigh de gach institiúid, trí sheisiúin faisnéise agus oiliúna thiomnaithe don fhoireann<sup>35</sup>

## 6. Forbairtí teicniúla

Comhordaíonn an Rúnaíocht forbairt réiteach TF chun feabhas a chur ar an gClár Trédhearcachta.

In 2023, d'fhéach an Rúnaíocht le trédhearcacht agus úsáideacht shuíomh gréasáin poiblí an Chláir a mhéadú a thuilleadh. Chuige sin, bíonn cláraithe atá ar fionraí go sealadach le feiceáil anois ar liosta tiomnaithe atá le feiceáil ar leathanach baile an tsuímh gréasáin.

San aon bhliain sin, thosaigh an Rúnaíocht ar ardán digiteach nua an Chláir Trédhearcachta a thógáil chun dul in oiriúint do chaighdeán teicneolaíochta agus slándála faisnéise chomhaimseartha agus chun eispéireas an úsáideora a fheabhsú. Tiocfaidh an uirlis TF nua in ionad bhonneagar teicneolaíochta reatha an chláir agus cuimsíonn sí leagan nua de shuíomh gréasáin poiblí an Chláir Trédhearcachta, mar aon le timpeallachtaí cúloifige nua. Meastar go mbeidh an leagan nua den Chlár Trédhearcachta ann sa chéad chuid de 2024.

---

<sup>33</sup> Comhlachas na gComhairleachtaí Gnóthaí Poiblí Eorpacha (EPACA), an Lárionad Eorpach um Ghnóthaí Poiblí (ECPA), an Chomhairle Gnóthaí Poiblí (PAC), Transparency International, an Bhrasaíl (EUVP).

<sup>34</sup> Líonra na gCláraitheoirí um Brústocaireacht Eorpach (ELRN), Cuairt Thoscaireacht Pharlaiminteach na Seirbia, an Réigiún Auvergne-Rhône-Alpes, Feisirí Pharlaimint na hÚcráine, Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA).

<sup>35</sup> Áirítear air sin 46 sheisiún faisnéise maidir le hionadaíocht leasa don fhoireann agus do chúntóirí creidiúnaithe i bParlaimint na hEorpa. Ina theannta sin, d'eagraigh an Coimisiún 5 sheisiún oiliúna den sórt sin dá fhoireann féin, mar aon le cuir i láthair shaincheaptha d'Oifigí Príobháideacha Chomhaltaí an Choimisiúin agus dá líonra de phointí teagmhála trédhearcachta agus eitice. Sa Chomhairle, tugadh faoi shraith gníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feasachta chun an Comhaontú Idirinstitiúideach agus cur chun feidhme praiticiúil Chinneadh (AE) 2021/929 ón gComhairle a mhíniú, go háirithe i gcás bainisteoirí.

## 7. Iniúchadh CIE ar an gClár Trédhearcachta

Rinne CIE iniúchadh cuimsitheach ar an gClár Trédhearcachta i rith 2023, iniúchadh a seoladh go hoifigiúil i mí Iúil 2022. Chomhoibrigh an Rúnaíocht go cuiditheach leis na hiniúcháirí agus d'oibrigh sí go dian chun tacú leis an bpróiseas iniúcháireachta tríd an ionchur uile ba ghá a sholáthar chun cuidiú lena áirithiú gurb é a bheadh mar thoradh ar an iniúchadh go ndéanfaí moltaí fóna maidir leis an gClár a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh. Meastar go ndéanfar an tuarascáil ar an iniúchadh speisialta, maille le moltaí CIE, agus na freagraí ó na trí institiúid is iniúchaithe atá sa Chlár Trédhearcachta a fhoilsiú sa dara ráithe de 2024.

## 8. Cinneadh an Ombudóra Eorpaigh i gcás 532/2023/FA

I mí an Mhárta 2023, rinne cláraí amháin gearán leis an Ombudóir Eorpach maidir leis an gcaoi ar láimhseáil an Rúnaíocht dhá imscrúdú nasctha bunaithe ar ghearáin arna ndéanamh ag an gcláraí sin i mí Iúil 2022.

Chomhoibrigh an Rúnaíocht go gníomhach le seirbhísí an Ombudóra Eorpaigh i rith an imscrúdaithe.

Ghlac an tOmbudóir Eorpach cinneadh lena bhfuarthas go ndearnadh drochriaracháin agus trína ndearnadh moltaí maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Rúnaíocht ar ghearáin go luath in 2024<sup>36</sup>.


# VI. Staidreamh

## 1. Forbairt an Chláir Trédhearcachta


Ón uair a bunaíodh é mar bhunachar sonraí poiblí comhpháirteach de chuid Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh, tá méadú seasta tagtha ar mhéid an Chláir Trédhearcachta i dtreo is gurb é atá ann anois ná scéim thrípháirteach arna bunú leis an gComhaontú Idirinstitiúideach. In 2023, is amhlaidh a bhí líon iomlán na gcláraithe cobhsaí ar an iomlán i gcomparáid le 2022. Bhí 12 469 n-ionadaí leasa cláraithe ann ag deireadh 2023.

---

<sup>36</sup> <https://www.ombudsman.europa.eu/ga/opening-summary/ga/168956>




Léirítear sa chart thíos na hathruithe ar líon na gclárúcháin nua, lena gcomhdaítear na hionadaithe leasa arna gclárú le linn tréimhse 12 mhí, idir an 1 Eanáir 2022 agus an 31 Nollaig 2023, agus a bhí fós gníomhach ag deireadh na tréimhse sin. Tá líon na gclárúcháin nua in 2023 (2 255) níos airde ná mar a bhí sna blianta roimh theacht i bhfeidhm IIA (2021). Fuair an Rúnaíocht 3 404 iarratas (+/- 9 n-iarratas in aghaidh an lae), rud a fhágann nár ghlac an Rúnaíocht ach le 66 % díobh sin, agus nár ghníomhachtaigh sí ach 66 % díobh sin, tar éis a scagtha.



## 2. Na leasanna a bhfuil ionadaíocht á ndéanamh orthu

De bhun IIA, déantar na cláraithe a leagan amach ina dtrí phríomhchineál leasa ar a ndéantar ionadaíocht, agus tá bandaí faisnéise airgeadais comhfhreagracha éagsúla ann atá infheidhme maidir le gach catagóir.




Roghnaigh na cláraithe na catagóirí seo a leanas:

Comhairleachtaí gairmiúla	523
Gnólachtaí dlí	64
Sainchomhairleoirí féinfhostaithe	131
Cuideachtaí agus grúpaí	3 172
Comhlachais trádála agus ghnó	2 599
Ceardchumann agus comhlachais ghairmiúla	961
Eagraíochtaí, ardáin agus líonraí neamhrialtasacha agus a leithéidí	3 480
Meithleacha machnaimh agus institiúidí taighde	569
Institiúidí acadúla	312
Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar eaglaisí agus ar phobail reiligiúnacha	46
Comhlachais agus líonraí de na húdaráis phoiblí	151
Eintitis, oifigí nó líonraí arna mbunú ag tríú tíortha	2
Eagraíochtaí eile, eintitis phoiblí nó mheasctha	459



### 3. Sonraí geografacha

Níl clárú ar an gClár Trédhearcachta teoranta d'ionadaithe leasa atá bunaithe san Aontas, cé go ndéanann an grúpa is mó ionadaithe leasa a ngníomhaíochtaí a chur i gcrích ó bhunaíocht sa Bheilg. Ós rud é, áfach, go ndéanann raon feidhme reachtaíocht agus bheartas an Aontais difear freisin do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí lasmuigh den Aontas agus go bhféadfadh tionchar a bheith aige ar thrádáil agus ar chaidreamh seachtrach eile lasmuigh de theorainneacha na 27 mBallstát, léirítear an tionchar domhanda sin sa Chlár Trédhearcachta freisin.



### 4. An méid uaireanta a rinneadh sonraí an Chláir Trédhearcachta a cheadú

In 2023, bhí tacar sonraí comhdhlúite an Chláir Trédhearcachta ar [Data.europa.eu](https://data.europa.eu) ar an 8ú tacar ba mhó a breathnaíodh as measc níos mó 1 600 000 tacar sonraí atá foilsithe air. Trí na tacair sonraí, is féidir le húsáideoirí an liosta de na daoine aonair atá creidiúnaithe chun rochtain a fháil ar áitreabh Pharlaimint na hEorpa agus an liosta de na heagraíochtaí atá, agus a bhí, ar an gClár Trédhearcachta le tamall de bhlianta anuas a íoslódáil (i bhformáid xml nó i bhformáid Excel).

## VII. Conclúidí

Ba bhliain ar leith í 2023 i dtaca le feidhmiú an Chláir Trédhearcachta de. Ós bunachar sonraí é, is é atá sa chlár ná an uirlis faisnéise agus tagartha bhunriachtanach trínar féidir a bheith bord ar bhord leis na gníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Dá chomhartha sin, an úsáid choitianta a bhaintear as na sonraí atá ann, an méadú ar an líon iarratas - méadú 14% bliain i ndiaidh bliana - mar aon le bearta trédhearcachta inmheánacha i dtaca le creat an Chláir a bheith glactha ag dhá chomhlacht de chuid an Aontais.

Ba bhliain ghnóthach í freisin ó thaobh phríomhghníomhaíochtaí na Rúnaíochta de, lena n-áirítear iarrataí i dtaca leis an deasc chabhrach a láimhseáil, gníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feasachta, faireachán ar cháilíocht sonraí agus imscrúduithe ar chláraithe. Tá comharthaí láidre ann go bhfuil na sonraí foriomlána sa Chlár Trédhearcachta cobhsaí agus dulta i bhfeabhas, mar thoradh ar fhaireachán agus seiceálacha treisithe na Rúnaíochta. D'oibrigh an Rúnaíocht i gcomhar le CIE a thuilleadh maidir le hiniúchadh CIE ar an gClár Trédhearcachta, chuir sí feabhas ar an ardán TF i gcomhar lena gníomhaíochtaí laethúla, agus rinne sí idirchaidreamh, ar bhealach gníomhach, le hinstiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais ar spéis leo teacht faoi scáth chreat trédhearcachta an Chláir, mar a shonraítear sa tuarascáil.

Mar uirlis phoiblí, tá ról tábhachtach ag an gClár Trédhearcachta maidir le muinín an phobail a chaomhnú agus maidir le cuntasacht a neartú, laistigh de mhórbheartas trédhearcachta instiúidí an Aontais, agus maidir le léiriú a thabhairt ar thiomantas coiteann instiúidí an Aontais i leith ionadaíocht leasa thrédhearcach agus eiticiúil a chur chun cinn. De réir mar a leanann ionchais an phobail i leith na trédhearcachta de bheith ag méadú agus ag athrú, go háirithe roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa in 2024, tá sé tábhachtach go leanfadh instiúidí an Aontais den Chlár Trédhearcachta a úsáid agus a threisiú chun torthaí nithiúla a bhaint amach maidir le trédhearcacht brústocaireachta.